CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/936 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Meitheamh 2021

maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe do mheaisíní níocháin tí agus meaisíní triomadóir-niteoir tí arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2019/2023 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2014

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), maidir le táirge ar cuireadh caighdeáin chomhchuibhithe i bhfeidhm ina leith agus ar foilsíodh a uimhreacha tagartha in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ní mór do na Ballstáit a mheas go gcomhlíonann an táirge sin ceanglais ábhartha uile an bhirt cur chun feidhme is infheidhme lena mbaineann na caighdeáin sin. Leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/2023 ón gCoimisiún ([3]) agus in Iarscríbhinn III a ghabhann leis na ceanglais ábhartha tomhais agus ríofa le haghaidh meaisíní níocháin tí agus meaisíní triomadóir-niteoir tí.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), tar éis gníomh tarmligthe a ghlacadh de bhun Airteagal 16 den Rialachán sin ina socraítear ceanglais shonracha maidir le lipéadú, foilseoidh an Coimisiún tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcomhlíontar na ceanglais ábhartha tomhais agus ríofa den ghníomh tarmligthe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. I gcás ina gcuirfear na caighdeáin chomhchuibhithe sin i bhfeidhm le linn measúnú comhréireachta táirge, measfar go bhfuil na ceanglais ábhartha tomhais agus ríofa den ghníomh tarmligthe á gcomhlíonadh ag an múnla. Leagtar síos in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2014 ón gCoimisiún ([5]) agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis na ceanglais tomhais agus ríofa le haghaidh meaisíní níocháin tí agus meaisíní triomadóir-niteoir tí.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)4329 ([6]), chuir an Coimisiún iarraidh isteach chuig an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN), chuig Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) agus chuig Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide (ETSI) chun na caighdeáin chomhchuibhithe a bhí ann cheana do mhiasniteoirí tí, do mheaisíní níocháin tí agus do mheaisíní triomadóir-niteoir tí a athbhreithniú chun tacú le Rialacháin (AE) 2019/2022 agus (AE) 2019/2023 agus le Rialacháin Tharmligthe (AE) 2019/2017 agus (AE) 2019/2014.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

([2]) Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10).

([3]) Rialachán (AE) 2019/2023 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh meaisíní níocháin tí agus meaisíní triomadóir-niteoir tí de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1015/2010 ón gCoimisiún (IO L 315, 5.12.2019, lch. 285).

([4]) Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh le haghaidh meaisíní níocháin tí agus meaisíní triomadóir-niteoir tí agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1061/2010 ón gCoimisiún agus Treoir 96/60/EC ón gCoimisiún (IO L 315, 5.12.2019, lch. 29).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)4329 ón gCoimisiún an 1 Iúil 2020 maidir le hiarraidh ar chaighdeánú a cuireadh chuig an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú, chuig Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil agus chuig Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta agus lipéadaithe fuinnimh do mhiasniteoirí tí, do mheaisíní níocháin tí agus do mheaisíní triomadóir-niteoir tí chun tacú le Rialacháin (AE) 2019/2022 agus (AE) 2019/2023 ón gCoimisiún agus le Rialacháin Tharmligthe (AE) 2019/2017 agus (AE) 2019/2014 ón gCoimisiún.

(4) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)4329, rinne Cenelec na caighdeáin chomhchuibhithe EN 60456:2016 agus EN 50229:2015 a athbhreithniú d'fhonn an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a thabhairt san áireamh. An toradh a bhí air seo gur glacach an leasú EN 60456:2016/A11:2020 agus caighdeán comhchuibhithe nua EN IEC 62512:2020, arna leasú le EN IEC 62512:2020/A11:2020.

(5) Rinne an Coimisiún in éineacht le Cenelec measúnú ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na caighdeáin chomhchuibhithe EN 60456:2016, arna leasú le EN 60456:2016/A11:2020, agus EN IEC 62512:2020, arna leasú le EN IEC 62512:2020/A11:2020, an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 4329.

(6) Comhlíonann na caighdeáin chomhchuibhithe EN 60456:2016, arna leasú le EN 60456:2016/A11:2020, agus EN IEC 62512:2020, arna leasú le EN IEC 62512:2020/A11:2020, na ceanglais is aidhm leo a chumhdach, ar ceanglais iad a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/2023 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2014.

(7) Níor cheart pointe ZA.4.9 ná pointe ZA.4.10 de na caighdeáin chomhchuibhithe EN 60456:2016 agus EN IEC 62512:2020 a fhoilsiú ó tharla go ndéantar tagairt sna pointí sin do chur i bhfeidhm na bhfoilseachán Eorpach um chaighdeánú CLC/TS 50577 agus CLC/TS 50707:2019. Tá tagairt d'fhoilseacháin Eorpacha um chaighdeánú i gcaighdeán comhchuibhithe ar neamhréir le nádúr na gcaighdeán comhchuibhithe. Dhá ionstraim ar leith a bhfuil feidhmeanna difriúla acu is ea na foilseacháin Eorpacha um chaighdeánú agus na caighdeáin chomhchuibhithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) agus Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. Tá tagairt den chineál sin contrártha freisin don iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)4329, nach gclúdaítear ann ach caighdeáin chomhchuibhithe.

(8) An colún "Barúlacha/Nótaí*" a ghabhann le Tábla ZZA.1 i gcaighdeáin chomhchuibhithe EN 60456:2016 agus EN IEC 62512:2020 chun críocha Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2014 agus an colún "Barúlacha/Nótaí*" a ghabhann le Tábla ZZB.1 sna caighdeáin sin chun críocha Rialachán (AE) 2019/2023, níor cheart iad a fhoilsiú mar gheall ar neamhréireacht na gcolún sin le ceanglais i bpríomhchorp normatach na gcaighdeán agus mar gheall ar an éiginnteacht dhlíthiúil a eascraíonn as léirmhíniú éifeacht dhlíthiúil na toimhde comhréireachta a áirítear san fhonóta a ghabhann leis na colúin sin.

(9) Is iomchuí, dá bhrí sin, an tagairt do na caighdeáin chomhchuibhithe EN 60456:2016, arna leasú le EN 60456:2016/A11:2020, agus EN IEC 62512:2020, arna leasú le EN IEC 62512:2020/A11:2020, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le srian.

(10) Cuirtear an caighdeán comhchuibhithe EN 60456:2016, arna leasú le EN 60456:2016/A11:2020, in ionad na gcaighdeán comhchuibhithe EN 60456:2016 agus EN 60704-2-4:2012, arna bhfoilsiú le teachtaireacht 2016/C 416/01 ón gCoimisiún ([7]). Cuirtear an caighdeán comhchuibhithe EN IEC 62512:2020, arna leasú le EN IEC 62512:2020/A11:2020, in ionad an chaighdeáin chomhchuibhithe EN 50229:2015, arna cheartú le EN 50229:2015/AC:2016, arna fhoilsiú le teachtaireacht 2016/C 416/02 ón gCoimisiún ([8]). Is iomchuí, dá bhrí sin, na teachtaireachtaí sin a aisghairm.

(11) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar leis seo na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe do mheaisíní níocháin tí agus do mheaisíní triomadóir-niteoir tí, arna ndréachtú chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2014 agus a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le srian.

Déantar leis seo na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe do mheaisíní níocháin tí agus do mheaisíní triomadóir-niteoir tí, arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2019/2023 agus a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le srian.

([7]) Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1015/2010 ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais éicidhearthóireachta do mheaisíní níocháin tí agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1061/2010 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh do mheaisíní níocháin tí (Foilsiú teideal agus tagairtí caighdeán comhchuibhithe faoi reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais) (IO C 416, 11.11.2016, lch. 1).

([8]) Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Threoir 96/60/EC ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Treoir 92/75/CEE ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh do mheaisíní niteoir-triomadóir cumasctha tí (Foilsiú teideal agus tagairtí caighdeán comhchuibhithe faoi reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais) (IO C 416, 11.11.2016, lch. 3).

Airteagal 2

Aisghairtear Teachtaireachtaí 2016/C 416/01 agus 2016/C 416/02.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Meitheamh 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Caighdeáin chomhchuibhithe arna ndréachtú chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2014

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
1.	EN 60456:2016 Meaisíní níocháin éadaí atá le húsáid sa teach – Modhanna chun feidhmíocht a thomhas EN 60456:2016/A11:2020 Srian: ní chumhdaíonn an foilseachán seo na codanna seo a leanas den chaighdeán: (a) pointe ZA 4.9 agus pointe ZA.4.10; (b) colún "Barúlacha/Nótaí*" a ghabhann le Tábla ZZA.1.
2.	EN IEC 62512:2020 Meaisíní triomadóir-niteoir leictreacha éadaí atá le húsáid sa teach – Modhanna chun feidhmíocht a thomhas EN IEC 62512:2020/A11:2020 Srian: ní chumhdaíonn an foilseachán seo na codanna seo a leanas den chaighdeán: (a) pointe ZA 4.9 agus pointe ZA.4.10; (b) colún "Barúlacha/Nótaí*" a ghabhann le Tábla ZZA.1.

IARSCRÍBHINN II

Caighdeáin chomhchuibhithe arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2019/2023

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
1.	EN 60456:2016 Meaisíní níocháin éadaí atá le húsáid sa teach – Modhanna chun feidhmíocht a thomhas EN 60456:2016/A11:2020 Srian: ní chumhdaíonn an foilseachán seo na codanna seo a leanas den chaighdeán: (a) pointe ZA.4.9 agus pointe ZA.4.10; (b) colún "Barúlacha/Nótaí*" a ghabhann le Tábla ZZB.1.
2.	EN IEC 62512:2020 Meaisíní triomadóir-niteoir leictreacha éadaí atá le húsáid sa teach – Modhanna chun feidhmíocht a thomhas EN IEC 62512:2020/A11:2020 Srian: ní chumhdaíonn an foilseachán seo na codanna seo a leanas den chaighdeán: (a) pointe ZA.4.9 agus pointe ZA.4.10; (b) colún "Barúlacha/Nótaí*" a ghabhann le Tábla ZZB.1.